Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí aige agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa cheadaithe. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a plean bliantúil iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á cheadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.



Signed:

Date:

18/12/2023

Oonagh Buckley
Secretary General

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide a d'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi alt 37B(6) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus na nótaí gaolmhara.

I mo thuairim, cuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais

- na hidirbhearta ar an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus
- iarmhéid an Chiste ag an 31 Nollaig 2022.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiteiciúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar an bhfaisnéis sa ráiteas agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

18 December 2023

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Tá an Roinn freagrach as na nithe seo a leanas:

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormaid arna sonrú ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide de réir alt 37B(6) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (arna leasú)
- a chinntiú go gcuirtear i láthair go cuí sna ráitis airgeadais idirbhearta an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide don tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na tréimhse
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann sí a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 37B(6) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (arna leasú) ráitis airgeadais an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfear míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíoch a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainiúint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chúil atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eiseacht i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais atá curtha i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis sa ráiteas sin neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis sin, ceanglaítear orm an fforas sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás gurb ann d'ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás gurb ann d'aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

1. Cuspóir an Chiste um Gníomhú ar son na hAeráide

Is é cuspóir an Chiste um Gníomhú ar son na hAeráide cistiú a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí agus tacaí a rannchuidíonn le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach nó do thionscadail agus tionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo tacú le réigiúin agus earnálacha a ndéanann an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin difear dóibh.

2. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste um Gníomhú ar son na hAeráide, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2020, tráth thosach feidhme an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin, 2020. Féadfar cuid de na fáiltais ón tobhach a íoctar leis an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) i ndáil le diúscairtí iomchuí táirgí peitрилiam, tar éis ceanglais chistiúcháin NORA a chomhlíonadh, a íoc isteach sa Chiste um Gníomhú ar son na hAeráide ar ordachán ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i ngach bliain airgeadais. Féadfaidh an tAire airgead ón Oireachtas agus ó fhoinsí eile a íoc isteach sa Chiste um Gníomhú ar son na hAeráide in aon bhliain airgeadais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe freisin.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste san fhormaid a d'ordaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ullmhaíodh an cuntas ar bhonn fabhráithe de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

3. Beartas Cistiúcháin

Tá cuntas bainc amháin ag an gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide. Bhainistigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Ciste um Gníomhú ar son na hAeráide sa bhliain 2022, agus muirearaíodh na costais riaracháin ghaolmhara ar Vóta 29 – Comhshaoil, Aeráid agus Cumarsáid.

Cistítear an Ciste um Gníomhú ar son na hAeráide go príomha trí fháiltais a thaisceann NORA isteach i gcuntas bainc an Chiste um Gníomhú ar son na hAeráide. Is ann d'fhoinsí breise ioncaim freisin, mar atá leagtha amach thíos. Is ón gcuntas bainc sin freisin a dhéantar suimeanna is iníoctha ón gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide a íoc amach leis na híocaithe ábhartha.

4. Ioncam

Maidir leis an airgead a íocann NORA isteach sa chiste, aithnítear é tar éis do NORA é a thaisceadh go díreach isteach sa chiste de réir alt 37B(7) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007, arna leasú le halt 15 den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin, 2020. Tagann an t-ioncam sin ó na fáltais ó thobhach NORA a íoctar le NORA i leith diúscairtí iomchuí táirgí peitriiliam sa bhliain airgeadais atá i gceist. Is ionann an tobhach sin agus an tsuim a shonraítear in ordachán ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, rud a ríomhtar de réir alt 37A(3) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (arna leasú) agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí. Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, leis an Aire Airgeadais agus le NORA.

Maidir le gach ioncam eile a fhaigheann an ciste, aithnítear é mar a leanas de réir alt 37B(8) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (arna leasú):

- Maidir le hioncam ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i leith na n-astaíochtaí carbóin a bhaineann leis an aerthaisteal oifigiúil, aithnítear é ar bhonn fáltas airgid nuair a fhaigheann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é mar bhainisteoir an chiste. Is ar gach Roinn agus gach Oifig atá an fhreagracht as a dlíteanas féin a ríomh de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorclán 01/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir le Fritháireamh Astaíochtaí a bhaineann leis an Aerthaisteal Oifigiúil.
- Is ar bhonn fabhrúithe a aithnítear fáltais a bhaineann le Ireland Energy Efficiency Investments.

5. Caiteachas

Maidir le caiteachas ón gciste, aithnítear é de réir alt 37B(9) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (arna leasú), ina sonraítear na críocha ar chucu a fhéadfar íocaíochtaí a dhéanamh amach ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus de réir na dtreoirlínte seo a leanas arna bhfoilsiú ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide faoi alt 37B(12) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (arna leasú):

- Tar éis don Aire leithdháiltí buiséid a cheadú, cuireann faighteoirí deontais éilimh isteach de réir théarmaí a gcomhaontuithe cistiúcháin deontais, ar éilimh iad lena gcomhlíontar coinníollacha na scéimeanna ceadaithe.
- Faightear earraí agus seirbhísí.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

<u>Ioncam</u>	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Tobhach na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta Fritháireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an aerthaisteal ar fad de chuid an Rialtais	1	92,000	96,000
Dáileadh ó Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI)	2	103	75
Scéim Athshlánúcháin Portaigh Bhord na Móna	3	-	1,212
	4	-	7,637
Ioncam Iomlán		92,103	104,924
<u>Caiteachas</u>			
Íocaíochtaí Ghlaio 1 an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide	5	2,258	1,774
Scéim Athshlánúcháin Portaigh Bhord na Móna	4	12,707	7,637
An Clár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide	6	1,212	109
Caiteachas Iomlán		16,177	9,520
Barrachas don Bhliain		75,926	95,404

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 7 go 8 agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínithe:



Dáta: 18/12/2023

Oonagh Buckley
Ard-Rúnaí

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	<u>Nótaí</u>	2022 €000	2021 €000
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Banc	7	218,384	142,562
Ioncam fabhraithe	8	102	1,212
Réamhíocaíochtaí	9	1,105	-
		<u>219,591</u>	<u>143,774</u>
<u>Dliteanais Reatha</u>			
Speansais fhabhraithe	6	-	109
		<u>-</u>	<u>109</u>
Glansócmhainní Reatha		219,591	143,665
Glansócmhainní		<u>219,591</u>	<u>143,665</u>
<u>Arna léiriú ag</u>			
Cúlchistí ag an 1 Eanáir		143,665	48,261
Barrachas don bhliain		75,926	95,404
		<u>219,591</u>	<u>143,665</u>

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 7 go 8 agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínte: 

Dáta: 18/12/2023

Oonagh Buckley
Ard-Rúnaí

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

	2022 €000	2021 €000
Réiteach an bharrachais leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas don bhliain	75,926	95,405
Laghdú in ioncam fabhráithe	1,110	47,048
(Méadú)/Laghdú i gcistiú deontais réamhíoctha	(1,105)	-
(Laghdú)/Méadú i speansais fhabhráithe	(109)	109
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	75,822	142,562
 Réiteach an ghlansreafa airgid leis an ngluaiseacht i nglanchistí		
Athruithe i nglanchistí de bharr sreabhadh airgid		
Glanchistí i dtús na bliana	142,562	-
Glanchistí ag deireadh na bliana	218,384	142,562
Méadú in airgead sa bhliain	75,822	142,562

Tá an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 7 go 8 agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Sínte: 

Dáta: 18/12/2023

Oonagh Buckley
Ard-Rúnaí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Tobhach na Gníomhaireachta Cúlaca Ola Náisiúnta

Baineann an t-ioncam seo le tobhach NORA ar dhiúscairtí iomchuí táirgí peitriam. Le halt 37A(2) den Acht um an nGníomhaireacht Chúlaca Ola Náisiúnta 2007 (arna leasú), ceadáítear don Aire Ordachán bliantúil a eisiúint chuig NORA suim shonraithe de thobhach NORA a íoc isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Ríomhtar an tsuim atá dlite bunaithe ar an airgead tobhaigh a bailíodh agus a aisghabhadh araon i mbliain airgeadais an Ordacháin. Agus an tsuim atá le haistriú á cinneadh aige/aici, breithníonn an tAire speansais iarbhír na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais atá i gceist agus speansais mheasta na Gníomhaireachta don chéad bhliain airgeadais eile, agus ní mór don Aire a chinntiú go mbeidh dóthain cistí oibriúcháin ag NORA tar éis an tsuim ordaithe a íoc isteach sa chiste.

2. Fritháireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an aerthaisteal ar fad de chuid an Rialtais

Ón 1 Eanáir 2020, ceanglaítear ar gach Roinn agus Oifig Rialtais na hastaíochtaí carbóin (ina dtonaí) a bhaineann leis an aerthaisteal oifigiúil ar fad a thaifeadadh, na hastaíochtaí sin a luacháil bunaithe ar an ráta reatha de Cháin Charbóin intíre na hÉireann sa bhliain ina ndearnadh an taisteal, agus suim is coibhéiseach le tionchar astaíochtaí an taistil a íoc leis an Roinn, ar bainisteoir ciste an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide í. Féadfaidh Ranna cinneadh a dhéanamh ar an modheolaíocht oibríochtúil inmheánach is fearr le haghaidh a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a rianú i rith na bliana. Ní mór do gach Roinn clár lárnach a chothabháil, áfach. Tá an clár sin le cothabháil acu chun íocaíochtaí bliantúla le Bainisteoir Ciste an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide a éascú agus le haghaidh iniúchadh féideartha.

3. Dáileadh ó Ireland Energy Efficiency Investments plc

Le Cinneadh S180/20/10/2372 ón Rialtas an 5 Samhain 2019, tugadh cead chun an t-airgead neamhchaite ar fad – €20,967,627 – sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a úsáid ar thionscadail atá le cistiú ag an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide tráth a bhunaithe ar bhonn reachtúil.

I mí Mheán Fómhair 2020, fuair an Roinn cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe chun an t-airgead ar fad a bhí fágtha sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Ar feitheamh an reachtaíocht a thabhairt chun críche, aistríodh €707,166 ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh chuig an Vóta sa bhliain 2020 chun tionscadal carranna leictreacha BSL a chistiú, ar tionscadal é a ceadaíodh faoin gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Aistríodh an t-iarmhéid €20,260,461 chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide an 8 Meitheamh 2021.

Tháinig athrú ar stádas an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2021, agus cistiú nua á bhreithniú mar chuid de chaiteachas Rialtais ghinearálta. Ní aistrefar an cistiú nua sin chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Infheistíodh cistiú iomlán €14.03 milliún ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI) ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2018. Sa bhliain 2020, fuair an tAire, mar scairshealbhóir, dáileadh €1,212,309 ó IEEI don tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020. Fuarthas cead don dáileadh sonrath sin ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe an 8 Nollaig 2020 chun an t-airgead sin a aistriú chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Ar feitheamh cinneadh a fháil maidir le himpleachtaí cánach an dáilte sin, bhí an t-airgead lena mbaineann á shealbhú sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh an 31 Nollaig 2021. Fuarthas deimhniú á rá nach mbeadh aon dlíteanas cánach ann ina leith sin an 4 Feabhra 2022, agus aistríodh na cistí chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide an 28 Márta 2022.

Ní shamhlaítear go n-íocfar isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide aon dáileadh amach anseo ó IEEI.

4. Scéim Athshlánúcháin Portaigh Bhord na Móna

Tar éis ceadú a fháil ón Rialtas i mí na Samhna 2020, leithdháileadh cistiú €108 milliún ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ar Scéim Athshlánúcháin Portaigh Bhord na Móna. Leis an Scéim, tabharfar cosaint do stóráil 100 milliún tona de charbón, ceapfar 3.2 milliún tona de charbón suas go dtí an bhliain 2050, cuirfear feabhas ar an mbithéagsúlacht, cruthófar 310 bpost, agus rannchuideofar leis an sprioc atá ag Éirinn neodracht carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Cuireadh an scéim sin ar áireamh sa Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta ina dhiaidh sin. Caitheadh €20.344 milliún san iomlán ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ar an scéim sin suas go ráithe 4 den bhliain 2022. Cuireadh tús le hoibreacha ar 14,000 heicteár de thailte portaigh, agus 6,311 heicteár díobh sin á n-athshlánú ina n-iomláine sa bhliain 2022. San iomlán, athshlánaíodh 10,647 heicteár ina n-iomláine go dtí seo. Tá sé sin cothrom le haon trian den tionscadal foriomlán.

Íocfar na costais chomhaontaithe a bhaineann leis an scéim sin amach ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ar an gcéad ásc. Is ón bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a aisíocfar na costais sin leis an bPríomh-Chiste a luaithe a bhainfear clocha míle comhaontaithe amach.

5. Íocaíochtaí Ghlaio 1 an Chiste um Gníomhú ar son na hAeráide

Sa bhliain 2018, eisíodh ceadú i bprionsabal do sheacht dtionscadal dar luach iomlán €77 milliún, beagnach. Bhí cúig cinn de na tionscadail sin á soláthar ag deireadh na bliana 2022, agus tá an dá cheann eile fós á gcur ar aghaidh tríd an gcéim um bailíochtú tionscadail.

	2022 €000	2021 €000
Carranna leictreacha BSL	542	1,378
Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta	1,203	-
Iarnród Éireann – carranna hibrideacha iarnróid	320	318
Gníomhaireacht Fuinnimh na dTrí Chontae (3 CEA)	193	78
Astaíochtaí Nialasacha Glasa In-athnuaite		
Talmhaíochta – Gás	-	-
	<u>2,258</u>	<u>1,774</u>

6. An Clár um Gníomhú Pobail ar son na hAeráide

Sheol an tAire an Clár um Gníomhú Pobail ar son na hAeráide i mí na Samhna 2021, áit a n-infheisteofar €60 milliún ón gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide i ngníomhú pobail ar son na haeráide agus i bhforbairt acmhainne thar na blianta atá le teacht. Faoi Shnáithe 2 den Chlár sin, leithdháileadh ciste €5 mhilliún ar thionscadail agus tionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo cur leis an acmhainn atá ag pobail gníomhú ar son na haeráide.

Mar a fhoráiltear san Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007, d'ainmnigh an tAire Pobal chun tograí a iarraidh le haghaidh leas a bhaint as cistí faoi Shnáithe 2 den Chlár do thionscadail i réimse an oideachais aeráide, na forbartha acmhainne agus na foghlama trí ghníomhaíocht. Cuirfear na tionscadail sin i gcrích thar thréimhse trí bliana.

Fostaíodh Pobal chun an raon iomlán seirbhísí riaracháin a bhaineann leis an nglao sin a sholáthar, lenar áiríodh bainistiú a dhéanamh ar ghlaio oscailte iomlán ar iarratais agus ar na seirbhísí uile a bhaineann le breithmheas, achomhairc agus conraitheoireacht. B'ionann na táillí i leith na seirbhíse sin agus €109,000 sa bhliain 2021 agus, ar feitheamh soiléire a fháil maidir le saincheisteanna dlí, íocadh iad ó Fho-mhírcheann A7 den Vóta. Aisíocadh le Vóta na Roinne ón gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide ina dhiaidh sin sa bhliain 2022.

B'ionann táillí Pobal don bhliain 2022 agus €212,000. Íocadh iad sin go díreach amach ón gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide. Tá táillí Pobal faoi réir cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe ar bhonn bliantúil.

I gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, sholáthair Clár Éire Ildánach Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide, ar ciste iomaíoch €2 mhilliún é a fhaigheann tacaíocht ón gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide agus ó Chlár Éire Ildánach. Faoi Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide, cistíodh, suas go deireadh na bliana 2022, tionscadail arbh fhéidir leo daoine a cheangal go fiúntach leis na hathruithe ollmhóra a bhíonn ag teacht chun cinn inár gcomhshaoil, inár sochaí agus inár ngeilleagar de dheasca an athraithe aeráide agus tionscadail arbh fhéidir leo an ceangal sin a bhunathrú ina athrú iompraíochta nó ina ghníomhú ar son na haeráide. Méadaíodh an ranníocaíocht ón gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide ó €1 mhilliún go €2.5 milliún san iomlán nuair a seoladh an dara babhta de Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide ag deireadh na bliana 2022.

	2022	2021
	€000	€000
Táillí Pobal	212	109
Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide	1,000	-
	<u>1,212</u>	<u>109</u>

7. Banc

Is ionann é seo agus an t-iarmhéid bainc ag an 31 Nollaig 2022. Osclaíodh cuntas bainc an Chiste um Gníomhú ar son na hAeráide an 11 Eanáir 2021, agus sealbhaítear le Danske Bank é faoi chreat baincéireachta an Rialtais.

	2022	2021
	€000	€000
Banc	<u>218,384</u>	<u>142,562</u>

8. Ioncam Fabhraithe

Ba mar a leanas a bhí an t-ioncam fabhraithe ag an 31 Nollaig:

	2022	2021
	€000	€000
Fritháireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an aerthaisteal ar fad de chuid an Rialtais ^a	102	-
Dlite ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh	-	1,212
	<u>102</u>	<u>1,212</u>

Nóta ^a Sa bhliain 2022, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe cead chun €94,615 a aistriú chuig an gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide. Fuarthas €6,873 eile ag deireadh na bliana 2022 agus cuirfear é sin ar áireamh sa chéad iarraidh eile ar chead.

9. Réamhíocaíochtaí

Tá Pobal ag déanamh bainistiú ar íoc an chistiúcháin leis na 18 dtionscadal ar roghnaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad faoi shnáithe 2 den Chlár um Gníomhú Pobail ar son na hAeráide. Rinneadh an chéad tráinse íocaíochtaí dar luach €1,105,019 amach ón gCiste um Gníomhú ar son na hAeráide sa bhliain 2022.

10. Ceangaltais

Ba mar a leanas a bhí ceangaltais ag an 31 Nollaig:

Tionscadal	Caiteachas Carnach go dtí an 31 Nollaig 2021	Caiteachas 2022	Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin	Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2022	Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2021
	€000	€000	€000	€000	€000
Carranna leictreacha BSL ^a	1,378	542	7,373	9,293	9,293
Scéim Téimh Ceantair Thamhlachta ^a	-	1,203	3,245	4,448	4,448
Iarnród Éireann – carranna hibrideacha iarnróid ^a	318	320	482	1,120	1,120
Gníomhaireacht Fuinnimh na dTrí Chontae (3 CEA) ^a	78	193	1,102	1,373	1,373
Astaíochtaí Nialasacha Glasa In-athnuaite Talmhaíochta – Gás ^a	-	-	8,474	8,474	-
Scéim Athshlánúcháin Portaigh Bhord na Móna ^b	7,637	12,707	87,656	108,000	108,000
Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide ^c	-	1000	1,500	2,500	1,000
Táillí Pobal ^c	109	212	5	326	326
Tionscadail Pobal – Tacaí le haghaidh Gníomhú Pobail ar son na hAeráide ^d	-	-	5,000	5000	-
	9,520	16,177	114,837	140,534	125,560

Nóta

- ^a Féach nóta 5
^b Féach nóta 4 - Déanfar cistiú don tionscadal seo a aisíoc tráth níos déanaí tríd an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta
^c Féach nóta 6
^d Féach nóta 9